



Is é BIM an ghníomhaireacht náisiúnta a thacaíonn agus a chumasaíonn forbairt thionscal bia mara inbhuanaithe na hÉireann trí shaineolas teicniúil, tacaíocht ghnó, maoiniú, oiliúint a chur ar fáil agus cleachtas freagrach comhshaoil a chur chun cinn.

Tá an tAonad Seirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha (ASES) freagrach as bailiú, measúnú agus anailís dhomhanda a dhéanamh ar shonraí eacnamaíochta bia mara chun treoir luachmhar tráchtála a chur ar fáil do Thionscal Bia Mara na hÉireann, agus é ag tabhairt aghaidh ar threochtaí agus ar dhúshláin atá ag athrú. Tacaíonn an ASES le BIM chun straitéisí a chruthú d'fhorbairt tionscail bunaithe ar anailís láidir a dhéanamh ar shonraí, eolas agus treochtaí domhanda chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus deiseanna a aithint, mar aon le bheith ag cur le cumas BIM i ndáil le húsáid sonraí chun léargais a chur ar fáil a dhéanann eolas do chinnteoireacht ag leibhéal eagraíochta. Chomh maith leis sin, cuireann an tAonad tacaíocht theicniúil agus léargas ar fáil do ghrúpaí príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM), tionscal bia mara na hÉireann, Foras na Mara agus an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara (SFPA).

Ag tuairisciú don Phríomhfheidhmeannach, is ball den Fhoireann Shinsearach Ceannaireachta é Stiúrthóir an Aonaid Seirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha (Leibhéal PO) agus beidh sé nó sí i gceannas ar aonad gnó ASES a threorú chun saineolas domhain a fhorbairt in anailís, measúnú agus bailiú sonraí eacnamaíochta bia mara domhanda chun treoir thráchtála luachmhar a chur ar fáil don DAFM agus don earnáil. Coinneoidh an Stiúrthóir ASES caidrimh láidre oibre leis an bhFoireann Shinsearach Ceannaireachta, le Bord BIM, DAFM agus le Ranna Rialtais ábhartha eile, leis an tionscal, príomhghníomhaireachtaí, leis an gCoimisiún Eorpach, le Parlaimint na hEorpa, leis an gComhairle agus le comhlachtaí idirnáisiúnta eile.

Beidh na nithe seo a leanas ag an iarrthóir inmhianaithe:

- Taithí 5 bliana ar a laghad in earnáil na mara nó in earnáil ghaolmhara bia.
- Céim iarchéime ar leibhéal 8 nó ar leibhéal níos airde nó cáilíocht ghairmiúil chomhionann san eacnamaíocht, eolaíocht, anailísíocht sonraí nó i ndisciplín ábhartha eolaíochta nó uimhriúil.
- Eolas láidir ar an earnáil bia mara.
- Taithí ar bheith ag obair san earnáil phoiblí ar leibhéal bainistíochta sinsearaí nó ar bheith ag obair go dlúth leis an earnáil sin.
- Dea-theist rathúil maidir le straitéisí cuimsitheacha agus tionscadail chasta ardluacha a fhorbairt agus a sholáthar.
- Taithí ar chomhairle a thabhairt maidir le forbairt beartas.
- Ábalta acmhainní aonad gnó ASES a stiúradh agus a bhainistiú.
- Dea-theist maidir le foireann daoine ardfeidhmíochta a threorú agus a fhorbairt.
- Ábalta comhlíonadh iomlán an rialachais chorparáidigh, pholasaí an Bhoird agus reachtaíocht na hEorpa a chinntiú.
- Sárscileanna eisceachtúla idirphearsanta agus cumarsáide.

Is iontach an deis é seo do cheannaire dinimiciúil a bhfuil méid shuntasach bainte amach aige le linn a ghairme atá ábalta baint amach rathúil tionscnamh gnó i measc grúpa páirtithe leasmhara éagsúla a léiriú.

Chun iarratas a dhéanamh ar an ról seo, seol curriculum vitae cuimsitheach agus ráiteas pearsanta ina leagtar amach mar atá do chuid taithí oiriúnach don ról chuig ie_recruitment_bimessudirector@pwc.com.

Chun tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le **PwC Executive Search**:

PAULINE McALESTER **Ríomhphost:** pauline.mcalester@pwc.com
Teil: +353 87 913 8474

ELLEN ROCHE **Ríomhphost:** ellen.roche@pwc.com
Teil: +353 87 637 0812

5.00pm Dé Luain an 4 Márta 2024 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais.

